AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 13.7.2011
SEC(2011) 892 leagan deireanach

# DOICIMÉAD OIBRE Ó FHOIREANN AN CHOIMISIÚIN

## ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

## TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an gComhbheartas Iascaigh**

{COIM(2011) 425 leagan deireanach}
{SEC(2011) 891 leagan deireanach}

## 1. An fhadhb a shainiú

### 1.1. Níor éirigh leis an gcomhbheartas iascaigh (CBI)

An CBI atá ann faoi láthair, níor éirigh leis saothrú inbhuanaithe na n-acmhainní beo uisceacha a áirithiú, in ainneoin gur tugadh isteach na huirlisí bainistíochta seo a leanas in 2002: pleananna fadtéarmacha bainistíochta chun stoic éisc a shaothrú ar leibhéil inbhuanaithe agus chun stoic a rinneadh ró-iascaireacht orthu a athshlánú, agus comhairlí comhairleacha réigiúnacha chun idirphlé a spreagadh i measc na ngeallsealbhóirí agus leis an gCoimisiún.

Tá tionchar ag na fadhbanna is cúis leis an teip sin ar a chéile. Is é ró-acmhainn an chúis is mó le ró-iascaireacht. In ainneoin gur laghdaíodh na cuótaí chun ró-iascaireacht a mhaolú, tá méadú tagtha ar ró-acmhainn. Ar an gcuma chéanna, is cúis é an ró-acmhainn le drochfheidhmíocht eacnamaíoch na hearnála gabhála – ach spreagann an drochfheidhmíocht sin ró-iascaireacht chun cur le hioncam laghdaitheach sa ghearrthéarma. Ina theannta sin, bíonn an tionscal ag iarraidh tacaíocht phoiblí arís agus arís eile, rud a chothaíonn ró-acmhainn agus a chuireann drogall ar dhaoine comhairle eolaíoch a leanúint agus gabhálacha iomlána is incheadaithe á socrú. Ag cuimhneamh ar na naisc sin, is féidir na fadhbanna a chéimniú mar seo a leanas:

- Is é neamh-inbhuanaitheacht chomhshaoil de bharr ró-iascaireachta an phríomhfhadhb a bhaineann leis an CBI. Cuireann gach uile fhadhb eile leis seo. Tá ró-acmhainn an chabhlaigh, imeacht ó chomhairle eolaíoch agus na gabhálacha iomlána is incheadaithe á leagan síos, agus easpa tosaíochta maidir le cuspóirí a leagan amach ar na príomhchúiseanna a bhíonn leis an ró-iascaireacht. An chobhsaíocht choibhneasta, an líon mór ábhar muirí aischurtha agus an easpa comhairle eolaíche leordhóthanaí, cuireann siad leis an bhfadhb freisin.

- Is é neamh-inbhuanaitheacht eacnamaíoch an dara fadhb, go háirithe i leith na hearnála gabhála. Is iomaí cabhlach nach ndéanann brabús agus atá leochaileach i gcás suaití seachtracha, amhail méaduithe ar phraghsanna breosla.

- Is é neamh-inbhuanaitheacht shóisialta an tríú fadhb agus téann sé i bhfeidhm ar an earnáil gabhála agus ar cheantair a bhíonn ag brath ar an iascaireacht. Níl poist san earnáil gabhála ag mealladh iascairí na chéad ghlúine eile i ngeall ar an bpá íseal agus na guaiseanna tromchúiseacha slándála a bhaineann leis an obair. Dá thoradh sin, tá laghdú ag teacht ar an bhfostaíocht san earnáil gabhála le 15 bliain anuas i roinnt mhaith ceantar a bhíonn ag brath ar an iascaireacht.

- Fadhb eile atá ann is ea go bhfuil creat dlíthiúil fíorchasta ag gabháil leis an CBI, rud is cúis le mionbhainistíocht agus a chuireann bac ar inbhuanaitheacht chomhshaoil a bhaint amach.

- Níl ag éirí leis an ngné sheachtrach den CBI mar a bhíothas ag súil leis, go háirithe maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, ach ó thaobh rialachais idirnáisiúnta de freisin.

### 1.2. Geallsealbhóirí an CBI agus an chaoi a dtéann an comhbheartas i bhfeidhm orthu

| *Geallsealbhóir* | *Tuairisc* | *Príomhleasanna* |
|---|---|---|
| *An earnáil gabhála san AE* | Úinéirí soithí san AE agus criú | Brabúsacht agus slite beatha a chothabháil |
| *Gnólachtaí agus pobail spleácha* | Gnólachtaí agus pobail a bhíonn ag brath ar an iascach | Brabúsacht agus slite beatha a chothabháil |
| *An earnáil próiseála* | Daoine a dhéanann próiseáil ar amhábhar a allmhairítear agus ar amhábhar a ghabhtar in uiscí an AE | Brabúsacht agus slite beatha a chothabháil, soláthar cobhsaí |
| *Rialtóirí na hearnála* | Comhlachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a rialaíonn an iascaireacht | Creat bainistíochta éifeachtúil éifeachtach praiticiúil a dhéanann amach clár na bhfuílleach i dtaobh réimse leathan riachtanais geallsealbhóirí |
| *Taighde san earnáil* | Comhlachtaí taighde eolaíoch atá páirteach i stoic a chaomhnú agus a bhainistiú | Cur le córas éifeachtach um bainistíocht iascaigh trí rochtain thráthúil a sholáthar ar shonraí iontaofa d'ardcháilíocht. |
| *Tomhaltóirí* | Daoine a thomhlaíonn táirgí iascaigh | Infhaighteacht, costas, cáilíocht agus luachanna cothaithe táirgí iascaigh a ndéantar leibhéil éagsúla grinnscrúdaithe comhshaoil orthu. |
| *Tíortha lasmuigh den AE* | Earnáil iascaigh a bhíonn in iomaíocht le cabhlaigh an AE. Táirgeoirí dobharshaothraithe, onnmhaireoirí chuig an AE. Údaráis i dtíortha lasmuigh den AE a fhaigheann íocaíochtaí faoi chomhaontuithe um chomhpháirtíochtaí iascaigh (CCInna) | Coinbhleacht leasanna idir na daoine a fheictear dóibh gur margadh onnmhairithe an-tábhachtach agus foinse ioncaim é an AE, agus pobail bheaga iascaireachta áitiúla a mbíonn cabhlaigh an AE ag dul in iomaíocht leo chun rochtain a fháil ar acmhainní áitiúla iascaigh lasmuigh den AE. |
| *Eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), an tsochaí shibhialta agus saoránaigh an AE* | ENRanna a mholann bainistíocht inbhuanaithe ar acmhainní iascaigh<br><br>An pobal i gcoitinne a bhfuil suim acu i gcúrsaí iascaigh agus a bhíonn ag plé leo agus le timpeallacht na mara | Líon na n-iasc, bithéagsúlacht mhuirí agus fiúntas taitneamhacha aigéan, aibhneacha agus lochanna a chothabháil. |

### 1.3. Cén fáth a bhfuil gá le hidirghabháil phoiblí?

Tarlaíonn 'Tragóid na gcomhacmhainní' in earnáil an iascaigh: bíonn sé de nós ag daoine a bhíonn ag obair chun a leasa féin comhacmhainní a dhúshaothrú agus dul san iomaíocht lena chéile chun a 'cuid féin' a ghabháil. An t-iasc a ghabhann iascaire amháin inniu, ní fhéadfaidh iascaire eile é a ghabháil amárach. Agus iad ag déanamh a gcuid cinntí, ní chuireann iascairí san áireamh na costais ó thaobh saothraithe de a bheidh ar dhaoine eile, amhail níos lú éisc a bheith ann le gabháil agus dochar a bheith déanta don ghnáthóg etc. In éagmais idirghabhála rialála maidir le rochtain ar an iascaireacht, beidh an t-ardleibhéal saothraithe ina chúis le meath a theacht ar na stoic agus ní bheidh dóthain fágtha lena saothrú ar leibhéal na tráchtála. Tá cúis mhaith le hidirghabháil rialála, dá bhrí sin, agus ba cheart cúl a thabhairt leis an rogha 'nach ndéanfaidh an AE gníomh ar bith'.

## 2. AN CEART ATÁ AG AN AE BEART A DHÉANAMH

De réir Airteagal 3(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), beidh inniúlacht eisiach ag an AE faoin CBI acmhainní bitheolaíochta na mara a chaomhnú. De réir Airteagal 4(2d), is faoi inniúlachtaí roinnte an Aontais atá an chuid eile den CBI.

Rinneadh an t-athchóiriú is déanaí ar an CBI in 2002. Cuireadh chun feidhme é le Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle an 20 Nollaig 2002. Déantar foráil shonrach in

Airteagal 35 den Rialachán sin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Chaibidil II [Caomhnú agus Inbhuanaitheacht] agus ar Chaibidil III [Acmhainn Iascaireachta a Choigeartú] faoi dheireadh 2012. De thoradh choncluídí thuarascáil speisialta Chúirt na n-Iniúchóirí 2007 maidir leis an CBI agus an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún féin ar an CBI reatha, rinneadh níos mó ná an t-athbhreithniú sin agus beartaíodh an CBI a athchóiriú go hiomlán.

## 3. CUSPÓIRÍ AN CBI

### 3.1. Cuspóirí an CBI de réir an Chonartha

Leagtar amach **cuspóirí** an CBI in Airteagal 3(d), Airteagal 4(d), Airteagal 38 agus Airteagal 39 den CFAE. Tá Airteagal 11 ábhartha freisin, toisc go leagtar síos ann nach mór na ceanglais um chosaint an chomhshaoil a chomhtháthú i sainmhíniú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais, go háirithe chun forbairt inbhuanaithe a chur ar aghaidh. De réir Airteagal 39, is iad na cuspóirí seo a leanas, ar ionann iad agus cuspóirí earnáil na talmhaíochta, cuspóirí an CBI:

- táirgiúlacht na talmhaíochta a mhéadú trí dhul chun cinn teicniúil a chur ar aghaidh agus trína áirithiú go ndéanfar forbairt réasúnach ar tháirgeadh na talmhaíochta agus go n-úsáidfear mar is fearr is féidir na tosca táirgthe, go háirithe na hoibrithe.

- caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don lucht talmhaíochta, go háirithe trí thuilleamh gach duine dá mbíonn ag gabháil don talmhaíocht a mhéadú;

- margaí a chobhsú;

- a chinntiú go mbíonn na soláthairtí ar fáil;

- a áirithiú go mbíonn soláthairtí á bhfáil ar phraghsanna réasúnta ag tomhaltóirí.

Is ionann na cuspóirí sin agus cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta. Ní mór na cuspóirí sin a thuiscint i gcomhthéacs sonrach earnáil an iascaigh, áfach.

### *3.2. Cuspóirí ginearálta an athchóirithe*

Is é is aidhm don CBI athchóirithe inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a bhaint amach i leith acmhainní iascaigh a shaothrú. Ó thaobh an dlí de, tá na cuspóirí uile sin chomh tábhachtach lena chéile, agus ní féidir aon cheann acu a bhaint amach ar leithligh.

Dá ainneoin sin, is í <u>inbhuanaitheacht chomhshaoil</u> an phríomhghné lena bhféadfar rath an CBI a áirithiú. Deimhníodh san anailís a rinneadh sa mheasúnú tionchar 'go mbeidh teorainn ar inbhuanaitheacht shóisialta agus eacnamaíoch *mura dtiocfaidh feabhas níos suntasaí ar stádas na stoc.*' Tá léargas tugtha ar an drochstaid ina bhfuil roinnt mhaith stoc sa chuid den doiciméad sin ina ndéantar an fhadhb a shainiú. Chun an fhadhb a réiteach, ní mór an brú iascaireachta a chur ar comhréim le hinbhuanaitheacht chomhshaoil.

*3.2.1. Inbhuanaitheacht chomhshaoil*

Ciallaíonn inbhuanaitheacht chomhshaoil saothrú stoc ar bhealach nach gcuirfidh isteach ar a saothrú amach anseo. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ní mór an brú iascaireachta a bheith ag teacht leis an uastáirgeacht inbhuanaithe *'d'fhonn na cuspóirí sin i leith stoc laghdaithe a bhaint amach go práinneach, tráth nach déanaí ná 2015 i gcás inar féidir'*. Má dhéantar inbhuanaitheacht chomhshaoil a bhaint amach, comhlíonfar an oibleagáid maidir le stádas maith a áirithiú i leith thimpeallachtaí na mara faoi 2020, de réir mar atá leagtha amach sa treoir réime um straitéis mhuirí.

Chun inbhuanaitheacht chomhshaoil a bhaint amach, tá na nithe seo a leanas de dhíth:

(a) An ró-iascaireacht a dhíothú sa ghearrthéarma;

(b) Ró-acmhainn agus ábhair muirí aischurtha a laghdú a oiread agus is féidir;

(c) Córas cinnteoireachta a chur ar bun a bheidh ag teacht le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach, agus a chuirfear in oiriúint do dhálaí áitiúla;

(d) An tionscal a spreagadh chun a bheith níos freagraí as na torthaí agus chun reachtaíocht a chomhlíonadh;

(e) Infhaighteacht na comhairle eolaíche agus na sonraí eacnamaíocha a fheabhsú.

*3.2.2. Inbhuanaitheacht eacnamaíoch*

Ciallaíonn inbhuanaitheacht eacnamaíoch cabhlaigh bhrabúsacha a bheith ann a bheidh inmharthana ar bhonn eacnamaíoch san fhadtéarma. Is amhlaidh cás na ngníomhaíochtaí gaolmhara próiseála, coimhdeacha agus dobharshaothraithe, atá faoi réir phrionsabal na hinbhuanaitheachta comhshaoil, i gcomhthéacs an mhargaidh dhomhanda iomaíoch agus patrún tomhaltais atá ag forbairt.

*3.2.3. Inbhuanaitheacht shóisialta*

Ciallaíonn inbhuanaitheacht shóisialta foinse post tarraingteach a dhéanamh den iascaireacht agus de ghníomhaíochtaí gaolmhara le cur ar chumas dóibh siúd a bhíonn ag brath ar an earnáil sin caighdeán cóir maireachtála a bhaint amach agus chun inmharthanacht na bpobal iascaigh a áirithiú. Beidh inbhuanaitheacht shóisialta sna réimsí sin ag brath ar an iascaireacht a éagsúlú agus gníomhaíochtaí gaolmhara chomh maith leis an iascaireacht féin a áireamh.

*3.2.4. Cuspóirí eile: simpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú*

Ní mór go gcuirfidh athchóiriú an CBI le cuspóirí ginearálta an AE maidir le rómhaorlathas a laghdú. Ciallaíonn simpliú líon agus castacht na rialachán a laghdú, agus maoiniú poiblí a chur ar fáil in aon ionstraim airgeadais amháin. Maidir leis an ualach riaracháin, níl ar áireamh san athchóiriú aon mhacrachuspóir inchainníochtaithe, toisc go bhfuil sé beartaithe go rachaidh beartas an Choimisiúin sa réimse sin in éag faoi dheireadh 2012.

## 4. NA ROGHANNA BEARTAIS

Is é **rogha an status quo (SQ)** an CBI reatha a choimeád, ach reachtaíocht arna glacadh le déanaí a chur san áireamh, go háirithe an reachtaíocht seo a leanas: pleananna bainistíochta

fadtéarmacha atá á bhforbairt, an Rialachán um rialú, agus an Rialachán maidir le hiascaireacht neamhdhleathach neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte. Is ionann an CBI a bheidh ann i mí Eanáir 2013 agus rogha an SQ. Chun na roghanna uile um athchóiriú a mheas, déanfar iad a chur i gcomparáid le rogha an SQ.

**Is é is aidhm do Rogha 1 inbhuanaitheacht chomhshaoil a bhaint amach laistigh de thréimhse sholúbtha agus teorainn a chur le tionchar diúltach eacnamaíoch nó sóisialta.**

Is iad na gnéithe seo a leanas príomhghnéithe Rogha 1:

a) an ráta iascaireachta lena mbainfear amach an uastáirgeacht inbhuanaithe (RIUI) a bhaint amach chomh luath agus is féidir, ach uaslaghdú idirbhliantúil -25% a dhéanamh ar an ngabháil iomlán is incheadaithe (faoi mar atá leagtha síos sna pleananna bainistíochta fadtéarmacha reatha). Dá thoradh sin, ní bhainfear amach an RIUI i leith roinnt stoc roimh 2015 (ach bainfear amach é tráth nach déanaí ná 2020).

b) leas a bhaint as riail an speicis 'is luachmhaire' i leith iascaigh mheasctha;

c) cearta aonair inaistrithe (CAInna) a úsáid chun ró-acmhainn a dhíothú. Bheadh CAInna éigeantach do chabhlaigh thionsclaíocha agus roghnach do chabhlaigh bheaga, agus dhéanfaí na cearta sin a chur chun feidhme thar thréimhse ceithre bliana. Ní bheadh sé ceadaithe na cearta sin a aistriú ach laistigh de Bhallstát;

d) tacaíocht airgeadais phoiblí a bheadh dírithe ar an athchóiriú; scoirfí de fhóirdheontais a thabhairt do chabhlach (Ais 1 den Chiste Eorpach Iascaigh reatha);

e) comheagraíocht margaí dírithe ar mhargaíocht, ar chur chun cinn agus ar dhifreáil a dhéanamh i dtaobh margaí le haghaidh táirgí áitiúla.

f) diaidh ar ndiaidh, chuirfí costais na gceadúnas iascaireachta faoi na CCInna ar úinéirí loinge.

**Is é is aidhm do Rogha 2 inbhuanaitheacht chomhshaoil a bhaint amach laistigh de thréimhse réamhshocraithe**. Is é is aidhm don rogha seo an inbhuanaitheacht chomhshaoil sin a bhaint amach faoi dheireadh 2015, beag beann ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bheadh ag an rogha seo sa ghearrthéarma. Leis an rogha seo, glactar leis go mbeadh comhairle leordhóthanach eolaíoch ar fáil laistigh den tréimhse ghearr sin.

Is iad na gnéithe seo a leanas príomhghnéithe Rogha 2:

a) an RIUI a bhaint amach laistigh de cheithre bliana ón tráth a gcuirfí tús leis an athchóiriú;

b) leas a bhaint as riail an speicis 'is íogaire' i leith iascaigh mheasctha;

c) CAI a úsáid chun ró-acmhainn a dhíothú, ach inaistritheacht laistigh de na Ballstáit a cheadú;

d) deireadh a chur le tacaíocht phoiblí airgeadais agus le comheagraíocht margaí, agus

e) deireadh a chur de réir a chéile leis na CCInna.

**Is é is aidhm do Rogha 3 inbhuanaitheacht chomhshaoil a bhaint amach laistigh de chreat ama agus an tionchar diúltach sóisialta is lú is féidir a chinntiú.** Ós rud é go dtabharfaí níos mó ama leis an rogha seo don earnáil an RIUI a bhaint amach agus CAI a chur chun feidhme, ba bheag an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bheadh ann sa ghearrthéarma .

Is iad na gnéithe seo a leanas príomhghnéithe Rogha 3:

a) an RIUI a bhaint amach chomh luath agus is féidir, ach uaslaghdú idirbhliantúil -15% a dhéanamh ar an ngabháil iomlán is incheadaithe, ionas nach mbainfeadh níos mó stoc an leibhéal céanna amach ach ag tarraingt ar dheireadh na tréimhse sin;

b) leas a bhaint as riail an speicis 'is luachmhaire' i leith iascaigh mheasctha;

c) CAI a úsáid mar a dhéanfaí faoi Rogha 1, ach tréimhse cur chun feidhme níos faide a bheith i gceist;

d) tacaíocht phoiblí airgeadais dírithe ar an athchóiriú ach níos mó airde á tabhairt ar shaincheisteanna sóisialta;

e) ollchóiriú teoranta ar an gcomheagraíocht margaí, agus cineálacha áirithe idirghabhála margaidh a fhágáil mar atá.

**Is é is aidhm do Rogha 4 inbhuanaitheacht chomhshaoil a bhaint amach laistigh de thréimhse sholúbtha agus teorainn a chur le haon tionchar diúltach eacnamaíoch nó sóisialta sa ghearrthéarma, ach de cheal CAI faoi threoir an AE.** Is ionann an rogha seo agus Rogha 1, ach amháin nach mbaintear úsáid as CAInna chun aghaidh a thabhairt ar ró-acmhainn. Is faoi na Ballstáit a bheadh sé cinneadh a dhéanamh cé acu a dhéanfadh siad na CAInna a chur chun feidhme nó nach ndéanfadh.

Rinneadh anailís ar dhá rogha eile freisin:

Is ionann **Rogha 1a** agus Rogha 1, ach áirítear ann riail an speicis 'is íogaire' i leith iascaigh mheasctha, mar atá i Rogha 2.

Is ionann **Rogha 2a** agus Rogha 2, ach úsáidtear an t-uaslaghdú idirbhliantúil céanna -25% ar an ngabháil iomlán is incheadaithe is a úsáidtear faoi Rogha 1.

## 5. MEASÚNÚ AR NA ROGHANNA

Rinneadh sainmhíniú sa mhodheolaíocht a úsáideadh ar na nithe seo a leanas:

a) spriocanna inmheasta i leith na gcuspóirí, agus

b) foireann táscairí tionchair chun dul chun cinn ar na cuspóirí a mheas. Táscairí breise chun dul i ngleic le rialachas, leis an ualach riaracháin agus le simpliú. Déantar fiúntas na dtáscairí a mheas agus a chur i gcomparáid i leith na mblianta 2012, 2017 agus 2022 (2020 i leith feidhmíochta comhshaoil). Déantar **anailís chainníochtúil agus anailís cháilíochtúil** a chomhcheangal sa mheasúnú tionchair.

### 5.1. Inbhuanaitheacht chomhshaoil

Gach ceann de na roghanna um athchóiriú, déanann siad feidhmíocht rogha an SQ a shárú go suntasach ó thaobh inbhuanaitheachta comhshaoil de. Is cosúil gurbh é Rogha 2 an rogha a mbeadh an fheidhmíocht ab fhearr mar thoradh air sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Ní bheidh sé indéanta, áfach, cuid comhshaoil na rogha sin a chur i bhfeidhm, toisc nach bhfuil mórán ama fágtha chun an chomhairle eolaíoch is gá a fhorbairt. Is é Rogha 1a an rogha is fearr. Bheadh dea-thorthaí ar Rogha 1, Rogha 2a agus Rogha 3, ach ní éireodh leo chomh

maith céanna le Rogha 1a, go háirithe faoi 2020. Ní éireodh go maith le Rogha 4 ó thaobh inbhuanaitheachta comhshaoil de toisc nach rachadh an rogha sin i ngleic le ró-acmhainn.

Is í Rogha 1a an rogha a mbeadh an acmhainneacht is mó aici gabháil de thaisme a laghdú toisc go gcomhcheanglófaí leis an rogha sin an fheidhmíocht chomhshaoil ab fhearr, riail an speicis 'is íogaire' i leith iascaigh mheasctha, CAInna agus an ghné réigiúnaithe. Le riail an speicis 'is luachmhaire' faoi Rogha 1, bheadh teorainn leis an laghdú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar ábhair muirí aischurtha.

Bheadh na cabhlaigh ba mhó de thoradh ar rogha an SQ agus Rogha 4 a chur i bhfeidhm, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon. Bheadh an laghdú is mó i líon na gcabhlach i gceist le Rogha 1 agus Rogha 3.

### 5.2. Inbhuanaitheacht eacnamaíoch

Ní bhainfí amach inbhuanaitheacht eacnamaíoch le rogha an SQ. Ba iad Rogha 1 (agus Rogha 1a) na roghanna a mbeadh an fheidhmíocht ab fhearr mar thoradh orthu sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Bheadh feidhmíocht Rogha 2 beagán ní b'fhearr ná Rogha 2a agus Rogha 3. Bheadh torthaí i bhfad ní ba mheasa ar Rogha 4 de bharr nach rachfaí i ngleic le ró-acmhainn.

Ní bheadh tionchar ag an rogha sin ar an earnáil próiseála a bhíonn ag brath ar amhábhar allmhairithe. Maidir le gabhálacha a thugtar i dtír go háitiúil a phróiseáil, ba iad Rogha 1 agus Rogha 1a a sholáthródh na torthaí ab fhearr sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Maidir le seirbhísí coimhdeacha, ag brath ar mhéid an chabhlaigh, is é rogha an SQ an rogha is fearr, agus is é Rogha 4 an dara rogha is fearr.

### 5.3. Inbhuanaitheacht shóisialta

Beidh sé de thoradh ar na roghanna uile go dtiocfaidh meath ar fhostaíocht san earnáil gabhála. Ag glacadh leis nach mbeidh ach laghdú beag ar líon an chabhlaigh, is é rogha an SQ an rogha is fearr ó thaobh na fostaíochta de, agus is é Rogha 4 an dara rogha is fearr. Ó thaobh an phá de, áfach, bheadh drochfheidhmíocht mar thoradh ar rogha an SQ a chur i bhfeidhm agus bheadh feidhmíocht an-mhaith de thoradh Rogha 1 (agus 1a). Agus an fhostaíocht agus pá a mheas i dteannta a chéile, is léir gurbh iad Rogha 1 (agus Rogha 1a) na roghanna a mbeadh an fheidhmíocht ab fhearr mar thoradh orthu.

### 5.4. Simpliú agus an t-ualach riaracháin

Ó thaobh an tsimplithe de, d'éireodh níos fearr le gach ceann de na roghanna seachas rogha an SQ. Ba cheart go ndéanfadh an cur chuige réigiúnach atá i Rogha 1 (agus Rogha 1a), Rogha 2 (agus Rogha 2a) agus Rogha 4 an CBI a shimpliú a thuilleadh.


Ó thaobh na gcostas bainistíochta de, dhéanfaí an scéal a fheabhsú go mór trí chomhairle eolaíoch agus sonraí eacnamaíocha a fháil. Bheadh ualach riaracháin éigin ar na Ballstáit agus ar an AE i gceist dá dtabharfaí isteach CAInna. D'fhéadfaí cuid de na costais sin a chur ar an earnáil. Ach CCInna a dhíothú agus costais rochtana a bheith ar úinéirí soithí, dhéanfaí costais bainistíochta ar leibhéal an AE a laghdú. Go hachomair, ba í rogha an SQ an rogha ba lú costais, agus ba í Rogha 4 an dara rogha ba lú costais, toisc nach mbeadh aon chostas breise ag baint leis na CAInna. Ba í Rogha 1a an rogha ba mhó costais, de bharr nár mhór comhairle eolaíoch a fháil i leith na stoc is íogaire.

### 5.5. An ghné sheachtrach


Is iad Rogha 1 (agus Rogha 1a) na roghanna is fearr.

## 6. NA ROGHANNA A CHUR I gCOMPARÁID: ROGHA(NNA) NA TOSAÍOCHTA

**Figiúr 1 – Na Roghanna a chur i gcomparáid. Leibhéal an AE 2017**




**Figiúr 2 – Na Roghanna a chur i gcomparáid. Leibhéal an AE 2022**




Ar an iomlán, is iad Rogha 1 agus Rogha 1a na roghanna lena gcuirfí na torthaí ab fhearr ar fáil. Deimhníodh na torthaí sin ar leibhéal réigiúnach i staidéar ar cheithre réigiún atá ag brath

ar an iascaireacht (an Bhriotáin, an Ghailís, an tSicil agus Albain). Is iad Rogha 1 (agus Rogha 1a) na roghanna is fearr ó thaobh na gné seachtraí de freisin.

## 7. Monatóireacht agus Meastóireacht

Is ar bhonn comhairle eolaíche a dhéanfar monatóireacht ar dhul chun cinn bliantúil ar an RIUI agus is ar bhonn sonraí eacnamaíocha/sóisialta a gheofar ó Bhallstáit a dhéanfar an CBI a mheas ó thaobh na hinbhuanaitheachta eacnamaíche agus sóisialta de.

Maidir le meastóireacht a dhéanamh, beidh roinnt ama ag teastáil chun go mbeidh na torthaí ar an CBI athchóirithe le feiceáil, agus ba cheart athbhreithniú meántéarma a dhéanamh dá bhrí sin. D'fhéadfaí an t-athbhreithniú sin a dhéanamh in 2017 b'fhéidir agus beidh samhaltú déanta ina thaobh. Ba cheart don athbhreithniú luachanna tuartha agus luachanna iarbhír na dtáscairí seo a leanas a chur i gcomparáid:

- Tionchar ar an gcomhshaol: stoic ar an RIUI, méid an chabhlaigh agus dul chun cinn ar CAI

- Tionchar eacnamaíoch: ioncam, oll-bhreisluach, ioncam/ioncam meá ar mheá agus corrlach glanbhrabúis

- Tionchar sóisialta: Fostaíocht (coibhéis lánaimseartha) agus pá an chriú in aghaidh na coibhéise lánaimseartha.

Beidh na figiúirí don bhliain 2017 ar fáil in 2019. Mar sin, ba cheart an mheastóireacht a dhéanamh in 2019.